



SHÁRMHAITHEAS NUÁLAÍOCHT CRUITHAITHEACHT



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL



CLÁR ÁBHAIR

Réamhfhocail an Chathaoirligh	1
Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh	2
■ Réamhrá	4
■ Cuid 1 An Réigiún a Chur Chun Cinn	8
■ Cuid 2 Bonneagar Eacnamaíoch	14
■ Cuid 3 Ciste Infheistíochta CFI	18
■ Cuid 4 Forbairt Tuaithe	22
■ Cuid 5 Seirbhísí Corparáideacha	28
■ Fo Scribhinn	
Fo Scribhinn 1 Comhaltaí CFI	35
Fo Scribhinn 2 Foireann CFI	36
Fo Scribhinn 3 Comhaltaí FAP	37
Fo Scribhinn 4 Infheistíochtaí 2006	38
■ Giorrúcháin Úsáidtear	40

BROLLACH AN CHATHAOIRLIGH

Tá cruthú timpeallachta inar féidir le Réigiún an Iarthair bheith rannpháirteach ina iomláine i ngeilleagar nua aimseartha mar cheann tiomána roimh Straitéis Choimisiún Forbartha an Iarthair 2004 2006. Tá mionchur síos déanta sa Tuarascáil Bhliantúil 2006 ar an bhliain deireanach den straitéis trí bliana seo.

Tá ceithre aidhm straitéiseach mar bhonn agus thaca ag straitéis CFI: ag cur coinníollacha maireachtála agus oibre atá le hofráil ag Réigiún an Iarthair chun chinn, ag tacú le forbairt ar bhonneagar straitéiseach réigiúnach; ag tacú le timpeallacht fhionraíochta i gcónaí agus dearcadh chaipiteal fiontair a fhorbairt trí Chiste Infheistíochta CFI, agus ag cruthú cur chuige nuálach chun fiontair thuaithe a thacú, a fhorbairt agus a chothú.

Táim sásta go ndearna CFI cion suntasach, trína chuid oibre sa bhliain 2006, maidir le todhchaí a chruthú do mhuintir Réigiún an Iarthair.

Sa bhliain 2006, lean baill CFI ar aghaidh lena dtiomantas chun caighdeán is airde rialachais chorparáidigh a bhaint amach, i gcomhréir le freagrachtaí na heagraíochta mar chomhlacht reachtúil. Sa dóigh seo, cuireann CFI prionsabal dea-rialachais i bhfeidhm, mar atá leagtha amach i gCód Cleachtais um Rialachas Chomhlachtaí Stáit. Tá baill agus bainistíocht CFI tiomnaithe le cinntiú go bhfuil a gcuid imeachtaí uile faoi riail chomaoin atá intuigthe sa Chód.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le gach duine a d'oibrigh le CFI agus a thug tacaíocht dó sa bhliain 2006, go háirithe leis an Uasal

Éamon Ó Cuív, TD, An tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, le mo chomhbhaill den Choimisiún, agus le gach duine a bhí páirteach sna painéil chomhairleacha, ceardlanna, seimineáir éagsúla a chuidigh le CFI lena dtéarmaí tagartha a chomhlíonadh i gcomhpháirtíocht leis na h-earnála poiblí agus príobháideacha agus leis na hearnála pobail. Ba mhaith liom fosta Príomhfheidhmeannach Gillian Buckley agus a réamhtheachtaí Lisa McAllister agus an fhoireann a mholadh as a gcuid tiomantais agus saoihiúlachta sa bhliain 2006. Tá CFI ag súil le forbairt straitéis 3-bliana nua sa bhliain 2007, rud a chuirfidh leis an rath go dtí seo agus a chuirfidh feabhas ar fhorbairt sóisialta eacnamaíochta Réigiún an Iarthair.



*Micheál Ó Fearail
Cathaoirleach*

TUARASCÁIL AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Ba bhliain suntasach ab í an bhliain 2006 do CFI agus í ar an mbliain deireanach dár dtréimhse pleanála straitéisí 2004–2006.

Ba bhliain thábhachtach í maidir le forbairtí polasaí náisiúnta agus ag tús na bliana bhí ullmhú aighneachta don Phlean Nua Forbartha Náisiúnta (PFN) 2007–2013 ar cheann de na bunréimsí oibre. Chuir ár n-aighneacht béim ar riachtanas go mbeadh forbairt réigiúnach cothrom lárnach don Phlean nua, ní amháin ar leas na réigiún ach chun todhchaí inbhuanaithe na tíre a chinntiú ina iomláine. Bhí áthas orainn, mar sin de, go bhfuil forbairt réigiúnach agus an geilleagar tuaithe curtha in ord tosaíochta sa PFN (NDP) nua 2007-2013.

Sa bhliain 2006 lean CFI ar aghaidh leis an argóinteacht a dhéanamh ar son fheabhsú ar nascálacha bóithre idir an gheata agus ionaid chroílár inár réigiún. Measann muid gur ríthábhachtach forbairt na nascálacha seo, go háirithe uasghrádú Chonair Bhealach an Atlantaigh go caighdeán débhealach, chun iomaíochas chontaetha an lathair mar shuímh infheistíochta a neartú. Fógraíodh ath-oscailt Chonair Iarnród an lathair, ar a raibh CFI ina thacadóir, i 2006 freisin. Leasóidh an píosa bonneagair inbhuanaithe don timpeallacht seo comhcheangailteacht idir-réigiúnach tuilleadh.

Bhí gnóthachtála ar leith ann i réimse sholáthair fuinnimh i mbliana, agus eochair-ról ag CFI sa chinneadh chun polasaí Choimisiúin um Rialáil Fuinnimh a leasú maidir le naisc gháis. Ciallaíonn leasú an pholasaí seo go bhfuil aon bhaile déag i gcontaetha Mhaigh Eo agus na Gaillimhe cáilithe anois le haghaidh ceangaltais

don ghreillechóras gáis. Ba é forbairt fheachtais CFI LookWest.ie tionscnamh nua faoinár ráiteas straitéiseach 2004-2006.

D'éirigh go han-mhaith leis an bhfeachtais chun leasa maireachtála agus oibre dearfacha Réigiún an lathair a chur chun cinn. Sa bhliain 2006 chonaic muid méadú ar leibhéal gníomhaíochta le méadú ar líon cuairteanna ar ár suíomh idirlíon, ag méadú 82% thar leibhéal 2005. Thug muid isteach áis chláraithe a mheall na céadta daoine a bhfuil suim acu in aistriú go Réigiún an lathair. Neartaigh faisnéis atá bailithe ar scileanna na ndaoine seo cás ar son infheistíocht dúchasach agus choigríche a mhealladh isteach sa réigiún.

Is é forbairt cheantar tuaithe lárchroí téarmaí tagartha CFI. Sa bhliain 2006 lean muid ar aghaidh ag obair le comhpháirtí ó na hearnála príobháideacha, poiblí agus deonacha chun dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadail nuálacha in earnála turasóireacht tuaithe, agrabhia orgánach agus fuinneamh inathnuaite. Is cuid suntasach den tairiscint táirge turasóireachta iad An Bosca Glas, Ag Siúl san lathair agus Bealach Bia an lathair, agus gach ceann acu a chumhdaíonn crios geografach sa réigiún. Bhí ról forbartha réamhghníomhach ag CFI i ngach ceann de na dtionscnamh seo.

Sa bhliain 2006 bhog CFI isteach i réimse nua corraithe nuair a thosaigh muid taighde a dhéanamh ar an earnáil Bhithmhaise. Taispeánann an taighde seo go bhfuil

TUARASCÁIL AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

ollacmhainneacht ann chun fostaíocht agus saibhreas a chruthú sa gheilleagar tuaithe agus leanfaidh CFI ar aghaidh ag cur lena ról straitéiseach réigiúnach i bhforbairt na hearnála seo amach anseo.

Rinne Ciste Infheistíocht CFI leibhéal suntasach infheistíochta le linn na bliana 2006 i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide agus i dtionscadail phobail, chomh maith le hinfeistíochta straitéiseacha i Maoiniú Mara Teoranta agus Aerfort Iarthair Éireann (Ireland West) ag An Cnoc. Spréitear na hinfeistíochta seo ar fud an réigiúin agus níos mó na 61% acu i gceantair thuaithe taobh amuigh den geata agus de na hionaid chroílár. Tá cuid mhór de na tionscadail seo sa gheilleagar eolasbhunaithe agus beidh san iomaíocht ar fud an domhain ó bhunáit san iarthar. Go dtí seo tá infheistíocht €21 milliún ag CFI i 70 tionscadal. Ciallaíonn samhail infheistíochta CFI go n-imrolófar an t-airgead uile ar ais i gCiste Infheistíochta CFI chun é a athúsáid le haghaidh tionscadal nua as a leanfaidh suíomh costas neodrach dá thairbhe.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Chathaoirleach, Mícheál Ó Fearail agus leis an Bhord as a dtiomantas, leis an fhoireann as a bpaisean agus a dtiomantas d'fhorbairt an iarthair, agus leis an Aire as a bhuanthacaíocht do CFI. Ba mhaith liom admháil ar leith a thabhairt do Lisa McAllister, a ghlac cead neamhláithreach tré bliana ón eagraíocht i Meán Fómhair, as a ceannaireacht.

Tá CFI go mór i bhfabhar bheith ag obair i gcomhpháirtíocht le comhlachtaí poiblí, leis na h-earnála poiblí agus príobháideacha chun forbairt sóisialta eacnamaíochta Réigiún an Iarthair a chur chun cinn. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis na eagraíochta uile agus leis na daoine aonair sin a bhí ag obair linn agus a thug tacaíocht dár gcuid oibre sa bhliain 2006.



Gillian Buckley
Príomhfheidhmeannach



RÉAMHRÁ



RÉAMHRÁ



Baill an WDC agus Príomhfheidmeannach

Is iad téarmaí tagartha an CFI faoi Acht Choimisiún Forbartha an Iarthair ná forbairt eacnamaíochta agus shóisialta Réigiún an Iarthair a chur chun cinn, a chothú agus a spreagadh. Freagraíonn an CFI dá chuid freagrachtaí reachtúla trí obair le cinntiú go bhfreastalaíonn polasaithe agus cleachtas eacnamaíochta agus sóisialta go héifeachtach do riachtanais forbartha na gContaetha Dhún na nGall, Shligigh, Mhaigh Eo, Ros Comáin, na Gaillimhe agus an Chláir. Feidhmíonn an CFI faoi scáth na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.

Feidhmeanna an CFI

Trína ghníomhú chur chun cinn, pholasaí, fhorbartha agus infheistithe, díróinn an CFI ar dheiseanna a aibhsiú agus tionscnaimh a thacú i Réigiún an Iarthair, sna hearnála táirgiúla, sa bhonneagar eacnamaíochta, agus sna pobail tuaithe. Ag comhoibriú le ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais, le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, leis an earnáil príobháideach agus a comhlachtaí ionadaíocha, chomh maith leis na hearnála pobail agus deonacha oibríonn an CFI chun:


- cinntiú go ndéantar breithniú ar riachtanais agus leasanna Réigiún an Iarthair ar na leibhéil is airde Rialtais;
- polasaithe a aithint, faireachán a dhéanamh orthu agus a chur chun cinn, polasaithe atá éifeachtach chun freastal do riachtanais fhorbartha inbhuanaithe an réigiúin agus a uasmhéadaíonn úsáid a acmhainní daonna agus fisiceacha;
- tionscnaimh réigiúnacha a chothú agus a spreagadh sna h-earnála poiblí agus príobháideacha agus sna hearnála pobail;
- tacú le fiontair thráchtála a fhorbairt a fhéadann dul san iomaíocht ar fud an domhain, agus fiontair shóisialta a fhéadann cáilíocht beatha a sheachadadh tríd an €34.4 milliún, Ciste tiomnaithe Infheistithe an CFI, a bhainistiú;

Struchtúr an CFI

Cuimsíonn an CFI dáréag ball ceaptha ag an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.

Faigheann an CFI tacaíocht ó choiste gnó atá lonnaithe i dTeach Dhiolúin, Bealach an Doirín, Contae Ros Comáin. Tá struchtúr an choiste ghnó léirithe thíos. Cuireann na foirne tionscadail an gníomhaíocht oibre chun feidhme. Nuair is gá, faigheann feidhmeannaigh lánaimseartha tacaíocht ó fhoirne ar chonradh.

Fíor 1. Struchtúr Eagrúcháin an CFI



Aidhmeanna Straitéiseacha an CFI 2004 2006

Ba í 2006 an bhliain deireanach de Ráiteas Straitéiseach an CFI 2004-2006

Ar feadh na bliana lean an CFI ar aghaidh ag bunú a chlár oibre ar thionscnaimh a thacaíonn lena aidhmeanna straitéiseacha chun:

- cruthú poist a chothú agus a chur chun cinn agus scileanna a aistriú chuig Réigiún an Iarthair
- cur le timpeallacht ardchaighdeán eacnamaíochta agus shóisialta a chruthú trí dheiseanna a aibhsiú agus a thacú le bonneagar iompair, cumarsáide agus fuinnimh a fheabhsú i Réigiún an Iarthair;
- cruthú timpeallacht ardchaighdeán fhiontraíochta phobalbhunaithe agus ghnóbhunaithe a spreagadh ar fud Réigiún an Iarthair;
- fiontair fhuinniúla inbhuanaithe a chruthú i gceantair thuaithe Réigiún an Iarthair.



RANNÁN I



CUR CHUN CINN AN RÉIGIÚIN
AGUS LOOKWEST

AN FEACHTAS LookWest.ie



Lisa McAllister Príomhfheidhmeannach agus Mr Éamon Ó Cuív ag an feachtas fógraíochta LookWest.ie 2006

Ba í 2006 an dara bliain iomlán den fheachtas LookWest. Is í aidhm an fheachtais ná daoine taobh amuigh den réigiún, in Éirinn agus thar sáile a spreagadh chun ‘amharc siar’ le haghaidh saol oibre níos fearr sa Réigiún Iarthair.

Ar na heochairghnóthachtála in 2006 tá:

- Bunú cheistneoir chláraithe scileanna ar líne ar an láithreán gréasáin.
- Obair i gcomhpháirtíocht leis na príomhghníomhaireachtaí agus leasanna na hearnála príobháidí sa réigiún.
- Díriú ar sprioclucht féachana níos leithne, go háirithe margadh na n-imircí.

I Mí na Bealtaine 2006 i mBaile Átha Cliath chomhóstáil Feachtas CFI LookWest.ie agus Gníomhaireacht Fostaíochta Collins McNicolas Aonach Earcaíochta ar ar fhreastal na céadta daoine a raibh suim acu in aistriú siar



Ar Siúl ar Aonach Earcaíochta

Bhí an Fhoireann Amharc Siar páirteach sa Mhórhaispeántas Jabanna Éireann FÁS a seoladh i Nua-Eabhrac i mí Dheireadh Fómhair. D'eagraigh FÁS an imeacht chun eolas a chur ar fáil do dhaoine a bhí ag smaoineamh ar bhogadh go hÉirinn, go háirithe Éireannaigh a bhfuil cónaí orthu ar an chósta thoir de SAM. Ba í seo an chéad uair a bhí taispeáint ag LookWest.ie ag ócáid thar sáile agus d'éirigh thar barr léi agus suim mhór ag daoine filleadh nó bogadh go hIarthar na hÉireann. Beidh roinnt an eolais ar scileanna agus oilteacht na ndaoine seo leis na gníomhaireachtaí atá i gcomhpháirtíocht linne, beidh sé seo ina bhuntáiste ollmhór chun comhlachtaí nua agus fostaíocht a mhealladh chun an réigiúin.



Rannpháirteach ag Taispeántas FAS Jobs Ireland a bhí ar siúl i Nua Eabhrac bhí: An tUasal Tony Kileen T.D., An tAire Stáit ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Gillian Buckley, Príomhfheidhmeannach, Pauline White, Theresa Higgins agus Sinéad Ní Mháille, foireann CFI

In 2006 bhí an feachtas fógraíochta LookWest.ie ar siúl i Meitheamh agus i Meán Fómhair. Fógraíocht raidió, lasmuigh, nuachtán agus idirlín a bhí i gceist. Díríodh ar Éireannaigh a bhfuil cónaí orthu thar sáile trí fhoilseacháin eisiriceacha agus fógraíocht ar láithreáin ghréasáin náisiúnta agus idirnáisiúnta. Cuireadh feachtas fógraíochta i gcrích fosta tráth na Nollag 2006 dírithe orthu siúd a bhí ag filleadh abhaile nó ag tabhairt cuairt ar an Iarthair don Nollaig.

Críochnaíodh breis dearaidh agus forbartha ar LookWest.ie in Aibreán 2006 agus tharraing an láithreán líon méadaitheach úsáideoirí. Ó Eanáir go Nollaig 2006 taifeadh beagnach 86,000 mar líon iomlán na gcúirteanna. Is méadú 82% é seo thar an bhliain roimhe agus d'ardaigh sé líon iomlán na gcuariteanna chuig an láithreán faoi dheireadh na bliana 2006 go dtí beagnach 143,000.

I ndiaidh bhunú an Chláir Scileanna ar an láithreán gréasáin chláraigh níos mó ná

1,400 duine go raibh suim acu in aistriú chun an Iarthair. Tá níos mó ná leath díobh idir 26-35 bliana d'aois (príomhspríocghrúpa an fheachtais), tá cáilíocht tríú leibhéal bainte amach ag trí cheathrú díobh agus tá taithí oibre níos mó ná 10 mbliana ag 40% díobh. Is sna hearnála Airgeadais, TF/Meán/Bogearraí agus Seirbhísí is mó atá na freagróirí ag obair. Bhí suim ag líon suntasach dár chláraigh gnólucht a thosú nó a athshuí.



LookWest.ie

FORBAIRT CHOITHROMÚIL RÉIGIÚNACH A CHUR CHUN CINN

Aighneacht don PFN 2007 2013

Rinne CFI a aighneacht do chomhairliúchán an Phlean Forbartha Náisiúnta (PFN) 2007 -2013 i Márta 2006. Foilsíodh ina dhiaidh sin é mar Fhorbairt an Iarthair do Thodhchaí na hÉireann i mí na Bealtaine. Bhí léargas ginearálta san aighneacht ar phríomhcheisteanna an réigiúin, méadú daonra, gréasáin fhostaíochta, leibhéil oideachais, bonneagar agus eisiaimh sóisialta san áireamh. Aithníodh na dúshláin is mó le haghaidh forbartha choithromúla réigiúnaí agus chlúdaigh moltaí mionsonraithe Réigiún an Iarthair:

- Bonneagar iompair (rochtain bhóthair, iarnróid agus aeir)
- Bonneagar fuinnimh (leictreachas agus gás)
- Bonneagar leathanbhanda
- Fiontraíocht agus fostaíocht
- Fuinneamh Inathnuaite
- Turasóireacht
- Agrabhia orgánach
- Comhoibriú trasteorann

Reachtáil CFI seimineáir chomhairliúcháin réigiúnacha le grúpaí comhleasa poiblí, príobháideacha agus pobail ar fud an réigiúin chun tosaíochtaí a phlé do Réigiún an Iarthair don PFN nua.

Is féidir cóip de Forbairt an Iarthair do Thodhchaí na hÉireann a íoslódáil ó www.wdc.ie.



Aighneacht don Clár Forbartha Tuaithe 2007 2013

I rith 2006, bhí an Roinn Talmhaíochta agus Bia agus an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta freagrach as Clár Forbartha Tuaithe nua seacht mbliana in Éirinn a ullmhú. Is é an Ciste Eorpach Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe de chuid Chomhbheartas Talmhaíochta (CBT) an AE a mhaoíníonn an clár seo.

I Mí Feabhra 2006, d'fhreagair CFI do ghlaó na Roinne le haghaidh aighneachtaí ar an straitéis chun buntacú leis an gClár (Plean Náisiúnta Straitéis Forbartha Tuaithe 2007 – 2013). Ina dhiaidh sin, d'ullmhaigh an Roinn Dréachtchlár Forbartha Tuaithe 2007 -2013 agus, i mí na Nollag, thug CFI a thuairimí mionsonraithe ar an dréacht sin.

Na réimsí tacaíochta molta faoin Chlár Forbartha Tuaithe a ndírigh CFI orthu, baineann siad leis an ngeilleagar tuaithe den chuid is mó, cur chun cinn fiontar tuaithe, gníomhaíochtaí thurasóireacht tuaithe agus éagsúlú ghníomhaíochtaí ar an fheirm san áireamh. Ar na réimsí ábhartha eile tá táirgeadh bithmhaise, fuinneamh agus agrabhia orgánach.

Is féidir cóip den aighneacht thuas a íoslódáil ó www.wdc.ie.



Cás staidéir Fhiontar Thuaithe

Ag tréimhse athraithe sciobtha i gceantair thuaithe, níl mórán eolais ar dhinimic an gheilleagair tuaithe seachas ar an fheirm agus ar fhiontair thuaithe go háirithe. Aithníonn CFI gur fiontair dhúchasach atá freagrach as mórchuid den mhéadú fostaíochta i Réigiún an Iarthair le blianta beaga anuas agus go raibh níos mó ná leath na ngnólachtaí a fhaigheann tacaíocht ó Chiste Infheistíochta CFI lonnaithe faoin tuath.

I mí Mheán Fómhair 2006, choimisiúnaigh CFI staidéar taiscéalaíoch ar fhiontair thuaithe bunaithe ar dheich gcás-staidéar ar ghnólachtaí

lonnaithe in earnála agus ceantair éagsúla. Ba í príomhaidhm an staidéir ná iniúchadh a dhéanamh ar an gcomhthéacs ina n-oibríonn fiontair thuaithe faoi láthair, na tionchair atá acu ar na ceantair ina bhfuil siad agus buntáistí agus dúshláin láthair faoin tuath.

Críochnófar agus foilseofar an obair seo go luath in 2007 agus tá súil go gcuideoidh sé le CFI chun teacht ar thuiscint níos fearr maidir le suntasacht ghnólachtaí i ngeilleagar tuaithe Réigiún an Iarthair.





RANNÁN 2



BONNEAGAR EACNAMAÍOCHTA

BONNEAGAR IOMPAIR



Rinne CFI faireachán ar dhul chun cinn an bhonneagar iompair sa réigiún ó cheann ceann na bliana 2006, ag díriú go háirithe ar rochtain bóithre, iarnróid agus aeir.

Bíodh is go dtiocfaidh buntáistí móra de thairbhe chríochnú an chláir bóithre faoi Iompar 21, na Mórghóithre Idiruirbeacha san áireamh, is amhlaidh is léire a bheidh na heasnamh sa ghréasán bóithre sa réigiún. Is beag bóthar de chaighdeán débhealaigh atá sa cheantar seo faoi láthair. Ina aighneacht don PFN 2007 -2013, d'áitigh CFI gur chóir go mbeadh an Conair-Bealach Atlantach ar fad de chaighdeán débhealaigh dá mbeadh sé le cuidiú chun cothromaíocht éifeachtach eacnamaíochta le hoirthear na tíre a chur i bhfeidhm. D'áitigh muid fosta gur chóir tús a thabhairt d'uasghrádú go caighdeán débhealaigh bóithre a nascann geataí isteach agus moil, agus bóithre a nascann geataí isteach agus moil le Baile Átha Cliath (nach bhfuil cláraithe mar Mhórbhóithre Idiruirbeacha faoi láthair).

I mí Mheán Fómhair 2006, d'fhógair an Rialtas athoscailt Chonair Iarnród an Iarthair ó Inis go Baile Átha an Rí. D'áitigh CFI le fada go bhfeabhsóidh tuilleadh infheistíochta i bhforbairt bonneagair mar Chonair Iarnród an Iarthair inrochtaine agus buntacóidh sé le dul chun cinn eacnamaíochta agus sóisialta san Iarthar. Ni bhainfí amach fíorluach na Conaire, áfach, go n-athosclófaí an bealach ar fad go Sligeach í mar cheanglódh sé seo an Iar-Thuaiscirt leis an Oir-Dheisceart agus cheanglódh sé fosta na línte iarnróid atá ann faoi láthair a thagann ó Bhaile Átha Cliath.

Tá seirbhísí feabhsaithe iarnróid ar na línte iarnróid atá ann faoi láthair ag freastal ar Réigiún an Iarthair ríthábhachtach fosta. I gcomhthéacs an bhrú tráchta méadaithe agus imnithe faoin timpeallacht, is minic gur rogha níos fearr iompar ar iarnród. Sa bhliain 2006 tugadh isteach seirbhísí breise a raibh géarghá leo ar na línte go Gaillimh agus go Sligeach. Tá cuid mhaith de na traenacha a fhreastalaíonn ar na bealaí seo neamhdhóthánach agus tá géarghá leis na traenacha nua atá beartaithe. Tá feabhsuithe breise de dhíth fosta i minicíocht seirbhísí chun cinntiú gur rogha réadúil taisteal ar iarnród, go háirithe do thaistealaithe gnó.

Rochtain Idirnáisiúnta Aeir

Tá rochtain aeir thar a bheith tábhachtach chun rochtain a sholáthar do réigiúin fhorimeallacha, go háirithe rochtain aeir idirnáisiúnta ardchaighdeán chun tacú le hinfheistíocht isteach agus turasóireacht. Tá dhá aerfort idirnáisiúnta i Réigiún an Iarthair—ag Aerfort Iarthar Éireann, Cnoc Mhuire agus ag an tSionainn. Freastalaíonn Aerfort Chathair Dhoire ar Dhún na nGall fosta. Tá trí aerfort réigiúnach fosta i nGaillimh, Sligeach agus an Charraig Fhinn (Dún na nGall). Ina aighneacht don PFN 2007 -2013, mhol CFI maoiniú chun tacú le forbairt rochtain aeir a fheastalaíonn ar an réigiún.



Teileachumarsáid Bonneagar Leathanbhanda

Sa bhliain 2006 lean CFI de bheith réamhghníomhach ar cheisteanna leathanbhanda ag idir leibhéal náisiúnta agus réigiúnach. Thaispeáin muid na deacrachtaí leanúnacha rochtana i gceantair thuaithe ach go háirithe, lena n-áirítear fadhbanna le cur i bhfeidhm na scéime um Leathanbhanda Grúpa agus Contae. Ina aighneacht don PFN, d'éiligh CFI tiomantas ar an Rialtas do chlúdach 100% leathanbhanda, ag áitiú go bhfuil an bhonneagair seo riachtanach chun gnólachtaí eolasbhunaithe a mhealladh agus a choinneáil agus chun fiontair dhúchasacha nuálacha a fháil sna réigiúin. Bhí ionadaithe ón CFI ar Ghrúpa Stiúrtha Leathanbhanda Forfás a chomhairligh ar dhá thuarascáil a foilsíodh sa bhliain 2006. Ba iad siúd Treoracha Pholasaí Leathanbhanda a foilsíodh i mí Iúil agus Tuarascáil Tagarmharcáil Leathanbhanda a tháinig amach i mí na Samhna.

BONNEAGAIR FUINNIMH

Sa bhliain 2006 lean CFI de bheith ag leagadh béime ar thábhacht soláthar agus bonneagair ardchaighdeán fuinnimh mar ghnéithe riachtanacha chun tacú le forbairt eacnamaíochta an réigiúin.

Gás Nádúrtha

I mí Eanáir 2006 rinne CFI aighneacht ar Bord Gáis Networks Connections Policy Consultation Document Dhoiciméad Comhairliúcháin de chuid Bord Gáis, Polasaí Naisc Líonraí a leag amach polasaí a bhí faoi bhreithniú ag an Choimisiún um Rialáil Fuinnimh. Ina aighneacht d'aibhsigh CFI tábhacht soláthar gáis nádúrtha d'fhorbairt réigiúnach, agus an gá le cinntiú go dtugann an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh seo san áireamh in aon chinneadh ar pholasaí um nasc gáis nádúrtha do bhailte móra nua. The previous connection policy had meant that no western town could connect to the Mayo-Galway gas pipeline.

De thairbhe na haighneachta, seo agus obair eile a rinne CFI, leasaigh an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh a pholasaí. Nuair a d'eisigh an CRF a pholasaí nua, rinne Bord Gáis Éireann (BGÉ) anailís ar bhailte móra an lathair agus foilsíodh tuarascáil i mí na Samhna 2006. D'aimsigh sé go bhfuil a haon déag de bhailte móra agus sráidbhailte i gContae Maigh Eo agus i gContae na Gaillimhe i dteideal nasctha. Déanfaidh an dara céim den staidéar scrúdú ar bhailte móra sa chuid eile den tír, bailte móra i gContae Ros Comáin agus Contae Liatroma san áireamh sa bhliain 2007.

Is féidir cóip den aighneacht thuas a íoslódáil ó www.wdc.ie.

Leictreachas

Déanann CFI faireachán agus tugann sé tuairimí ar fhorbairtí agus polasaithe ar son an earnáil leictreachais. Sa bhliain 2006 lean CFI de bheith ag obair chun cinntiú go leanfar d'infheistíochtaí cuí a dhéanamh i dtarchur agus imdháileadh leictreachais chun ligint don réigiún dul san iomaíocht le tionsclaíocht a mhealladh. Tá bonneagair iontaofa leictreachais atá in ann freastal don éileamh láithreach agus don éileamh nua riachtanach d'fhorbairt an Réigiúin lathair.

I mí Márta 2006, rinne CFI in éineacht le Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann san lathair aighneacht ar Dhréachtphlean Forbairt Tarchuir 2006-2010 de chuid Eirgrid. Tá CFI agus Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann san lathair ag obair le chéile le blianta beaga anuas chun ceisteanna forbartha bonneagraíochta agus rialála leictreachais a aibhsiú sa mhéid

is go mbíonn tionchar acu ar an lathair. Mar chuid den obair seo, bhuail CFI agus Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (CGFÉ) (i gcuideachta le roinnt ball den CGFÉ a bhfuil éileamh suntasach leictreachais acu) leis an Choimisiún um Rialáil Fuinnimh (CRF), Eangach Náisiúnta BSL agus Líonraí BSL ar mhéid áirithe ócáidí éagsúla chun ábhair imní a aibhsiú.

D'aibhsigh an chomhaighneacht tábhacht pholasaí an rialtais ar fhuinneamh agus fhorbairt réigiúnach agus thug breithniú ar an phróiseas phleanáil córas agus ar na cuspóirí i leith forbartha agus straitéisí imlínithe sa Phlean Forbairt Tarchuir. Rinneadh trácht fosta ar na saincheistanna a bhaineann le riachtanais forbartha líonraí le teacht agus ar fhorbairtí áirithe líonraí imlínithe sa Phlean Forbartha Tarchuir.

Is féidir cóip den aighneacht seo a íoslódáil ó www.wdc.ie.

A white outline map of Ireland is positioned in the upper right quadrant of the page, set against a solid blue background.

RANNÁN 3

A white outline map of Ireland is positioned in the lower right quadrant of the page, set against a solid blue background.

CISTE INFHEISTÍOCHTA CFI

CISTE INFHEISTÍOCHTA CFI



Foireann Chiste Infheistíochta CFI: Geraldine McLoughlin, Bainisteoir an Chiste Infheistíochta, Conor McNamara, Feidhmeannach Infheistíochta, Fiona Regan, Oifigeach Cléireachais, Marie Duffy, Riarthóir an Chiste, Helen Grady, Feidhmeannach Infheistíochta agus John Allen, Feidhmeannach Infheistíochta

Is soláthraí caipiteal riosca do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide, d'fhiontair phobail agus tionscadail straitéiseacha i Réigiún an Iarthair atá i gCiste Infheistíochta CFI.

Ta déchuspóirí aige – brabach a dhéanamh ar a chuid infheistíochtaí agus díbhinn shóisialta a bhaint amach don réigiún. Oibríonn an Ciste go dlúth lena chliant, ag tacú leo ar bhonn fadtéarmach agus ag cuidiú leo a gcuid spriocanna fáis a bhaint amach. Le punann infheistíochtaí atá ag dul i méid taispeánann an Ciste don earnáil príobháideach inmharthanacht infheistíochtaí bunaithe san Iarthar.

Sa bhliain 2006, d'eisíoc Ciste Infheistíochta CFI €5.9 milliún san iomlán agus cheadaigh sé €7.5 milliún. Chuíge seo, d'infheistigh Ciste Infheistíochta CFI beagnach €21 milliún i 70 tionscadal sa réigiún.

Tá trí fho chiste ag an Chiste Infheistíochta:

- **Ciste Infheistíocht Gnó:** a mhaoiníonn gnóthais bheaga agus mheánmhéide eolasbhunaithe ardacmhainneacha.
- **Ciste Infheistíochta Áitiúil:** a thacaíonn le fiontair phobalbhunaithe gan beann ar bhrabús.
- **Ciste infheistíochta um Thionscadail Speisialta:** a dhíríonn ar na tionscadail agus na tionscnaimh is mó a bhfuil acmhainneacht acu tionchar sonraíoch a bheith acu ar an réigiún.


Sa bhliain 2006, bhí Painéal deonach Comhairleach a thacaigh leis an Chiste Infheistíochta agus a rinne an mheastóireacht tráchtála ar na tionscadail ar son an Choimisiúin. Féach Foscríbhinn 4 i gcomhair ballraíochta an Phainéil Comhairligh Ciste.

le tuilleadh eolais a fháil ar Chiste Infheistíochta CFI féach www.wdc.ie.

Infheistíocht Eisíochta sa bhliain 2006

Den €5.9 milliún a d'éisíoc Ciste Infheistíochta CFI sa bhliain 2006, infheistíodh a mhórchuid (69%) faoin Chiste Infheistíochta Gnó. Leithroinneadh 25% eile tríd an Chiste Infheistíochta um Thionscadail Speisialta. Tugadh 61% den iomlán do tionscadail lonnaithe i gceantair thuaithe, mar a shainítear ag an Straitéis Náisiúnta Spásúlachta. Léiríonn na táblaí agus na fóiracha seo a leanas dáileadh na dtionscadal.


Suíomh	%	Méid
Geataí isteach agus Moil	39	€2,300,000
Faoin Tuath	61	€3,616,000
Iomlán	100	€5,916,000



2006 Disbursals by Setting

Geataí isteach agus Moil
Faoin Tuath

Contae	%	Méid
An Clár	2	€150,000
Dún na nGall	11	€637,500
Cathair na Gaillimhe	28	€1,650,000
Contae na Gaillimhe	12	€700,000
Maigh Eo	27	€1,608,500
Ros Comáin	19	€1,130,000
Sligeach	1	€40,000
Iomlán	100	€5,916,000




2006 Disbursals by County

An Clár
Dún na nGall
Cathair na Gaillimhe
Contae na Gaillimhe
Maigh Eo
Ros Comáin
Sligeach

Infheistíocht Eisíochta sa bhliain 2006

Earnáil	%	Méid
Dobharshaothrú & lascach	14	€830,000
TFC	30	€1,758,500
Eolaíochtaí Beatha	30	€1,750,000
Manufacturing	4	€250,000
Sóisialta & Fiontair	22	€1,327,500
Bonneagar		
Total	100	€5,916,000



Acmhainn Jabanna Cruthaithe/ Cothaithe agus Cistí Giaráilte ag CFI

San iomlán cuireadh €19 milliún d'infheistíocht bhreise sa réigiún le gearáil tríd na tionscadail tacaíthe ag Ciste Infheistithe CFI. Ciallaíonn sé seo gur cuireadh €3 isteach sa réigiún do gach €1 a d'infheistigh CFI.

Faoi láthair, tá 331 duine fostaithe sna 18 fiontar (177 duine i 12 gnóthais bheaga agus mheánmhéide) a mhaoinigh CFI sa bhliain 2006. Tá acmhainn ag na fiontair seo a lán níos mó jabanna a chruthú sna blianta atá le teacht mar a fhorbróidh agus mar a leathnóidh siad. Sa bhliain 2006 eisíocadh 62% i gcomhlachtaí ardteicniúla a sholáthair jabanna ardchaighdeán ard-oilte.

Ina dhiaidh sin, tacaíonn cuid de na tionscadail ar infheistigh CFI iontu gníomhaíochtaí sóisialta agus fionraíochta nach gcruthaíonn fostaíocht shuntasach leo féin ach a chuireann

go mór leis an cháilíocht beatha sa réigiún. Go háirithe, de thoradh ar ár n-infheistíocht i Maoiniú Mara Teo soláthraíodh airgead chun feirmeacha éisc a neartú ar Chósta an Iarthair, ag buntacú ar an dóigh seo le 491 jab san earnáil seo agus cinntiú go ndéantar forbairt ar thionscail inmharthana. Chuir ár infheistíocht in Aerfort Iarthar Éireann, Cnoc Mhuire le 117 jabanna díreacha san aerfort mar bharr ar an bhuntáiste don gheilleagar agus don bhonneagar áitiúil a fheabhsaíonn rochtain chuig agus ó Réigiún an Iarthair do ghnó agus do thurasóirí mar an gcéanna. Meastar anois go mbeidh paisinéirí a bheidh ag teacht isteach tríd an aerfort ag caitheamh níos mó ná €120 milliún sa bhliain sa réigiún faoi 2010. Táthar ag súil le go mbeidh 1,600 jab sa réigiún faoi 2010 de thairbhe gníomhaíocht an aerfoirt.

RANNÁN 4



FORBAIRT NA TUAITHE

SAMHAIL D'FHORBAIRT TUAITHE CFI



Paul O'Toole, Tourism Ireland, Údarás Na Gaeltachta, An tAire Éamon Ó Cuív, Lisa McAllister, CFI, Aidan Cotter, Bord Bia, Fiona Cadon, CFI, Shaun Quinn, Fáilte Ireland.

Sa bhliain 2006 d'fhoilsigh CFI Samhail d'Fhorbairt Tuaithe CFI Treoir chun samhail d'fhorbairt tuaithe réambghníomhach agus rannpháirtíoch a chur i bhfeidhm. Doiciméadaíonn an foilseachán seo an ról againn i dtionscnaimh straitéiseacha forbartha na tuaithe a thiomáint sa Réigiún Iarthair

Is cuid de chur chuige CFI d'fhorbairt tuaithe comhoibriú leis na h-earnála príobháideacha agus poiblí agus na hearnála pobail chun tionscadail nuálacha straitéiseacha forbartha a éascú agus a chur i bhfeidhm. Mar chuid de, tugtar na páirtithe leasmhara le chéile chun straitéis chomhroinnte a fhorbairt d'earnáil áirithe. Leagtar amach plean gníomhaíochta ansin agus éascaíonn CFI á chur i bhfeidhm, i gcomhpháirtíocht leis na páirtithe leasmhara eile. Mar a théann forbairt na hearnála ar aghaidh, cúláíonn CFI de réir a chéile óna ról teagmhálach. Comhuaineach leis an phróiseas seo oibríonn CFI ar leibhéal náisiúnta chun an eispéireas réigiúnach a ionchur sa cheapadh beartais náisiúnta.

Cuireann an foilseachán i láthair an cur chuige, na tosca ratha criticiúla agus na príomhdhúshláin a tháinig sa bhealach le linn chur i bhfeidhm na samhla agus an dá chás-staidéar – Atlantic Organics (earnáil agraibhia orgánaigh) agus Clár Forbartha Turasóireacht an Iarthair (earnáil thurasóireacht tuaithe).

Tá cóip de Samhail Forbartha Tuaithe CFI ar fáil ó www.wdc.ie.

AN EARNÁIL AGRABHIA ORGÁNAIGH

Atlantic Organics

D'fhás Atlantic Organics Teo as moltaí ó Blueprint on Organic Agri-Food Production in the West an CFI. Is comhpháirtíocht straitéiseach é a ionadaíonn 190 táirgeoirí orgánacha san Iar-Thuaisceart. Is é cuspóir Atlantic Organics ná an earnáil bhia orgánaigh a fhorbairt sa réigiún trí fhorbairt a dhéanamh ar an táirge agus ar an mhargadh. Tá baint leanúnach ag CFI sa tionscnamh seo trí bheith rannpháirtíoch ar an bhord agus ar an choiste bainistíochta. Le breis eolais a fháil ar Atlantic Organics gabh chuig www.atlanticorganics.com.

Sa bhliain 2006 thug Atlantic Organics chun críche brandáil réimse táirgí bia orgánaigh Rossinver – Grass Roots Organics. Sa réimse tá ispiní íspeisialtachta orgánacha, anlann goinbhlasta trátaí orgánach agus coirce léitean orgánach. Glacann Atlantic Organics páirt i margaí feirmeoirí i Sligeach agus i Liatroim.

Eagraíodh Comhdháil Bia Orgánach an-rathúil i mí na Samhna 2006 a raibh níos mó ná 200 toscaire i láthair ann. D'éagraigh Atlantic Organics an chomhdháil i bpáirt le CFI agus eochairpháirtithe comhdhála agus ba é an imeacht is tábhachtaí é sa tSeachtain Náisiúnta Orgánach.



An Coiste Stiúrtha Náisiúnta Orgánach CSNO

Tá CFI ina bhall do CSNO. Is é aidhm CSNO gníomhú mar cheann tiomána le haghaidh forbartha na hearnála orgánaí agus bonn a sholáthar chun comhpháirtíocht idir an earnáil orgánach agus príomhleasa eile a dhul ar aghaidh.

Ath-thionól an tUasal Máire Ní Chochlainn, TD, Aire Talmhaíochta agus Bia, CSNO do théarma trí-bliana níos faide. Chuathas le Téarmaí Tagartha athbhreithnithe agus ceadaíodh plean margaíochta trí-bliana don earnáil agus le buiséid €1.5 milliún ar an iomlán.

TURASÓIREACHT

Clár Thurasóireacht Fhorbartha an Iarthair CTFI

Sa bhliain 2001 d'fhoilsigh CFI Blueprint for Tourism Development in the West: An Action Plan for Rural Areas. D'aithin an treoirphlean go n-éilíonn scaipeadh fhorás turasóireachta go ceantair thuaithe athrú ollmhór i bpolasaí agus i gcleachtas, agus gur féidir forbairt a bhaint amach trí idirghabháil comhordaithe ó réimse forleathan gníomhaireachta atá ann cheana féin i Réigiún an Iarthair. Bunaíodh an Clár Thurasóireacht Fhorbartha an Iarthair (CTFI), ballraíocht 11 ghrúpa stiúrtha ileagraíochta chun gníomh gníomhaíochta a chomhordú agus forbraíonn sé tionscadail nuálach turasóireachta tuaithe. Lean CFI ar aghaidh lena pháirtíocht gníomhach ar CTFI sa bhliain 2006.

Leagtar príomh-comhthionscadail amach thíos:



Ag Siúl san Iarthar Walking in the West

Seoladh *Walking in the West* sa bhliain 2005 agus tá sé mar aidhm aige cuidiú le grúpaí pobail agus soláthraithe seirbhísí tairiscintí tráchtála a dhéanamh le bealaigh siúil sa Réigiún trí fhorbairt, trí chur chun cinn, agus trí theanndíol pacáistí saoire, atá bunaithe ar samhail dea-chleachtais idirnáisiúnta.

Feabhra 2006 thosaigh CTFI ar an obair traenála faoi shamhail *Walking in the West* ar thrí theoirshiúil sa réigiún; Bealach Oirthear an Chláir, Bealach Ghleann an Tóchair agus na Cruacha Gorma. I gcomhar leis na príomhpháirtithe beidh gach siúl in inmhe:

- Comhpháirtíocht Siúil Áitiúla a chur ar bun;
- iniúchóireacht an tsíúil a chomhlíonadh;
- tús a chur le plan gníomhaíochta ar siúl áitiúil le sonrú ar an dóigh a líonfar bearna agus cé leis a líonfar iad;
- Ag Siúl san Iarthar

Bealach Bhlasanna Turasóireachta

Cruthaíodh an tionscadal seo chun deiseanna a fhiosrú ar fhorbairt tairiscintí nua agus nuálacha a bhaineann le turasóireacht bia taobh istigh den réigiún. Bhí páirt ghníomhach ag CFI ar Ghrúpa Stiúrtha Bealach Bhlas Turasóireachta. Tugadh tacaíocht don chlár faoi thionscadal AE TGFT (ADEP). Forbraíodh treoirbhealach turasóireachta bia le fiontair phríobháideacha i nGaillimhe agus ar Oileáin Árann agus thosaigh an obair Marta 2006 le tionscnóir turas tráchtála (Golf and Incentive Travel) chun pacáiste sosa gairide cáilithe a ofráil agus an bhéim ar bhia traidisiúnta an cheantair agus ar thairiscintí cultúrtha. Le tuilleadh eolais a fháil ar an tionscnamh seo féach www.tastetrailireland.com

Áiríonn Fáilte Ireland, LEADER, Bord Bia, agus CFI sna gníomhaireachta a thugann tacaíocht don treoirbhealach.

An Bosca Glas

Is réigiún sainmhínithe é an Bosca Glas ina bhfuil tairiscintí turasóireachta atá inbhuanaithe don timpeallacht taobh istigh comhthéacs acmhainní nádúrtha glana. Bhí eochair-ról ag CFI agus ag CTFI maidir le tiomána thionscnaimh an Bhosca Ghlais.

Seoladh Kingfisher Cycle Trails in Ionad Breesy, Béal Átha Seanaidh, Bealtaine 2006. Tá ionad acmhainní an phobail seo ar cheann de na chéad soláthraithe lóistín sa Bhosca Glas bláth AE a fháil, an t-éicilipéad caighdeánach creidiúnaithe le haghaidh lóistín. San iomlán, fuair 14 soláthraí sa Bhosca Glas Bláth an AE sa bhliain 2006.

Le tuilleadh eolais a fháil ar an Bhosca Glas, buail isteach ar www.greenbox.ie



EU ECO Flower Awards

CFI agus Polasaí Turasóireachta

Sa bhliain 2006 bhí an CFI gníomhach lena thaithí i bhforbairt turasóireacht tuaithe le linn na cúig bliana seo a chuaigh thart a chur in iúl do lucht déanta polasaithe. Tugadh cuireadh chuig CFI i bhFeabhra cur i láthair a dhéanamh don Ghrúpa Athbhreithniú Fhorbairt Tairiscint Turasóireachta, curtha ar bun ag Fáilte Ireland chun straitéis a fhorbairt le haghaidh tairiscint turasóireachta na hÉireann. Bhí moltaí mionsonraithe ar son tacaíocht turasóireacht tuaithe in aighneacht CFI Mí Mhárta do PFN 2007 -2013.

I mí Aibreán bhuail CFI leis an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta chun a chur chuige agus a thaithí le forbairt turasóireachta i gceantair thuaithe a leagadh amach agus chun aird a dhíriú ar an mbuanriachtanas fhorbartha an earnála seo.



FUINNEAMH INATHNUAITE

Úinéireacht Pobail Fheirmeacha Gaoithe

Is é aidhm an tionscadail seo chéad fheirm ghaoithe na hÉireann a bhunú a bhfuil meán infheistíochta don phobal mar chuid de. Moladh an samhail úinéireachta seo i dtuarascáil de chuid CFI 2004 To Catch the Wind.

Bhí céim fiúchais na feirme ghaoithe, suite i gCill Ala, Co. Mhaigh Eo, deontaschúnta ag Sustainable Energy Ireland (SEI). Cuireadh tús leis sa bhliain 2006 agus críochnófar é i lár 2007. Is é Killala Community Wind Farm Ltd an ceannasfhorbróir príobháideach agus is é Comhairle Phobal Chill Ala a bheas mar nasc le haghaidh infheistíocht pobail san fheirm ghaoithe atá molta. Tá ról comhordú agus éascaitheoireacht ag CFI taobh istigh den chomhpháirtíocht agus beidh fad is a mhaireann céim an fhiúchais seo.



Rannpháirtithe ag an Seisiún Boird maidir le Bithmhais Baile Átha Luain

Bithmhais

Tagraíonn an téarma bithmhais d'acmhainní breosla, mar adhmaid, féara, barraí fuinnimh agus dramhaíl talmhaíochta agus bhardaís, gur féidir úsáid chun fuinneamh athnuaite a dhéanamh astu in ionad breoslaí iontaise mar ola. Tá breoslaí bithmhaise tairbheach don timpeallacht mar soláthraíonn siad fuinneamh ó acmhainní ar féidir leo athsholáthar i gcónaí agus mar nach dtáirgeann siad carbón.

Sa bhliain 2006 rinne CFI athbhreithniú tosaigh ar an earnáil bithmhaise taobh istigh de réigiún an Iarthair agus mar chuid den obair seo rinne próiseas comhairlithe le comhpháirtithe tionscail/speisialtóirí. Bhunaigh an t-athbhreithniú seo go bhfuil acmhainneacht suntasach ag an earnáil bithmhaise, go hairithe i dtaca le acmhainn adhmaid, agus go bhfuil leibhéal réasúnta gníomhaíochta ag dul ar aghaidh cheana féin sa réigiún. D'aithin an t-aiseolas baic thábhachtacha d'fhorbairt, áfach, agus bhunaigh go raibh ról ann do CFI, go háirithe trí chur chuige a fhorbartha a chur i bhfeidhm, chun an earnáil bithmhaise a chur chun cinn sa réigiún.

Bhunaigh CFI Grúpa Comhairleach Bithmhaise Réigiúnach (déanta suas as príomhshaineolaí ón earnáil phoiblí agus phríobháideacha) a bhfuil mar aidhm acu treoir agus comhairle a thabhairt do CFI ar tionscnaimh forbartha a thugann tacaíocht don earnáil.

Ba é chéad chéim eile an tionscadal forbartha taighde bonnlíne a dhéanamh ar an earnáil bithmhaise agus béim ar leith ar fuinneamh adhmaid. Tá an tuarascáil deireanach Wood Energy Development in the Western Region le críochnú go luath sa bhliain 2007. Beidh an tuarascáil seo mar bhonn eolais ar a thógfaidh plean straitéise agus gníomhaíochta don earnáil i Réigiún an Iarthair.

RANNÁN 5



SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA



Rialachas Corparáideach

Le linn na bliana 2006 lean CFI ar aghaidh le polasaithe agus nósanna imeachta oibriúcháin éagsúla a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm de réir Comhaontú Dul Chun Cinn a Chothú agus i gcomhlíonadh le Cód Cleachtais um Rialachas Chomhlachtaí Stáit. Réitíodh sraith mionsonraithe treoirlínte soláthair de réir na riachtanais seo agus curtha i bhfeidhm sa bhliain 2006.

Acmhainní Daonra

Thug CFI tuairisc, faoi na soláthair a bhaineann le Comhaontú Pá na Seirbhíse Poiblí, ar dul chun cinn Pleananna Gníomhaíochta Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn agus I dTreo 2016 don Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, mar chuid den chóras fíoraithe feidhmíochta.

Trí comhpháirtíocht gníomhach Choiste Chomhpháirtíochta CFI lean an eagraíocht ar aghaidh lena tiomantas don chlár nuachóirithe. Chuimsigh samplaí den chomhpháirtíocht seo sa bhliain 2006 cur i bhfeidhm leanúnach An Chóras Fhorbairt Bhainistíocht Fheidhmíochta agus aischur aníos agus comhpháirtíocht na foirne uile i dtraenáil agus i bhforbairt.

Cuireann stráitéis CFI obair trasfheidhmeach chun cinn mar chuid dá éiteas oibre. Léiríodh é seo in obair na heagraíochta le linn 2006 i socruithe éagsúla le foireann ó fhoirne éagsúla.

Sa bhliain 2006 lean CFI ar aghaidh lena tiomantas chun cothromaíocht saol-oibre dearfaí dá fhoireann a chur chun cinn.

Cúram Custaiméirí

Leagann Cairt Chustaiméirí CFI amach na caighdeán seirbhísí ar féidir le custaiméirí bheith ag súil leo agus iad ag plé leis an eagraíocht. Tá CFI tiomnaithe le seirbhís ghairmiúil, éifeachtach agus dea-mhúinte, de réir phrionsabail seirbhíse ardchaighdeán do chustaiméirí mar atá ceadaithe ag an Rialtas.

Nuashonraigh CFI a shuíomh idirlíon ([HYPERLINK "http://www.wdc.ie" www.wdc.ie](http://www.wdc.ie)) sa bhliain 2006 leis an eolas is deireanaí a thabhairt dá chustaimeirí, agus preas-ráitis, foilseacháin, aighneachtaí agus earcaíocht san áireamh.

Agus é ag déanamh meastóireachta ar a thiomantais seirbhíse sa bhliain 2006, d'aimsigh CFI:

- gur sheachad sé ar a thiomantais seirbhíse uile maidir le cruinnithe, le cuairteoirí, le faisnéis, le suíomh idirlíon, le foilseacháin agus le hAcht na dTeangacha Oifigiúla;
- gur pléadh le gach aon iarratas do CFI go seasmhach agus go neamhchlaonta, agus de réir treoirlínte Chiste Infheistíochta;
- go raibh se tiomnaithe do pholasaí comhdheiseanna;
- go raibh meas aige ar rúndacht faisnéise curtha ar iontaoibh aige;
- nach raibh gearán custaiméara ar bith tuairisicthe nó taifeadta le linn na bliana 2006.

Bainistíocht Airgeadais

Sa bhliain 2006 lean CFI ar aghaidh lena Córas Bhainistíocht Airgeadais inmheánach a úsáid chun córas tuarascáil buiséadú agus airgeadais cuimsitheach a fheidhmiú agus le dea-chleachtais faoin Chód Cleachtais um Rialachas Chomhlachtaí Stáit.

Cuireadh deireadh le córas nósanna imeachta sainmhinithe ar gach gné an eagraíochta, agus feidhmiú an Chiste Infheistíochta san áireamh, sa bhliain 2006.

Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 & 2003

Le linn na bliana fuair WDC iarratas SF (FOI) amháin agus ceadafódh é seo.

Na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1998 & 2003

Tá CFI cláraithe mar rialaitheoir sonraí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí.

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Téann CFI faoi théarmaí tagartha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 le framaíocht reachtúil a sholáthair chun seirbhísí trí mheán na Gaeilge a sheachadadh. De réir Rannáin 10 den Acht seo tá an tuarascáil bhliantúil seo foilsithe go comhuaineach sa Ghaeilge agus sa Bhéarla.

Tuarascáil ar Chomhlíonadh CFI leis an Chód Cleachtais um Rialachas Chomhlachtaí Stáit sa bhliain 2006

1. Cód Iompar Ghnó do Stiúrthóirí agus d'Fhostaithe CFI

Tá cóid iompar ghnó do stiúrthóirí agus d'fhostaithe curtha ar bun, sínithe ag na comhpháirtithe ábhartha agus bhí comhlíonta sa bhliain 2006.

2. Aidhm Iniúchta Inmheánaigh

Daingním go bhfuil na nósanna imeachta uile le haghaidh iniúchta inmheánaigh, mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtais, comhlíonta ag CFI sa bhliain 2006. Rinneadh an obair seo a leanas maidir le hiniúchadh inmheánach:

(i) Iniúchadh Inmheánach

I ndiaidh críoch a chur le clár oibre d'iniúchadh inmheánach dhá bhliain eisíodh tairiscint chun aidhm iniúchta inmheánaigh CFI a fhoinsiú allamuigh sa bhliain 2006 agus eisíodh conradh nua. Bhí dréachtphlean obair iniúchta inmheánaigh nua dréachtaithe agus curtha isteach le haghaidh ceadú ag an Choiste Iniúchta.

(ii) Coiste Iniúcháireachta CFI

Bhí trí chruinniú ag Coiste Iniúcháireachta CFI le linn na bliana 2006 agus thug siad tuairisc ar a ngníomhaireacht do CFI.

(iii) Iniúchtaí CFI

Rinneadh iniúchadh airgeadais iomlán maidir le ráitis airgeadais CFI 2005 leis an Ard-Reachtaire agus leis an Ard-Iniúcháir (Iniúcháir Seachtracha) sa bhliain 2006.

3. Soláthar

Sa bhliain 2006 chomhlíon CFI leis na nósanna imeachta ábhartha ina n-iomláine mar atá leagtha amach i dTreoirínte Soláthair CFI agus i dTreoirínte Soláthair an Rialtais.

4. Diúscairt Sócmhainní agus Fáil ar Shócmhainní ag Tríú Páirtithe

Ní raibh diúscairta sócmhainní ar bith ann thar an tairseach comhaontaithe ag CFI sa bhliain 2006.

5. Treoirínte ar Bhreithmheas agus ar Bhainistíocht Caiteachais Caipitiúla

Ní bhaineann na treoirínte seo le CFI

6. Pá do Phríomhfheidhmeannaigh agus d'Fhostaithe Chomhlachtaí Stáit

Chloígh CFI le treoirínte an Rialtais agus le socruithe Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta maidir le luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh agus fostaíthe sa bhliain 2006.

7. Íocaíocht Táillí na Stiúrthóirí agus Costais

Chloígh CFI le treoirínte an Rialtais agus le socruithe Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta maidir le íocaíocht táillí na Stiúrthóirí sa bhliain 2006. Tugtar sonraí na dtáillí seo agus costais tathagaithe sna cuntais bhliantúla.

8. Cuireadh tuarascáil Chathaoirligh ar leith isteach don Aire leis an tuarascáil bhliantúil 2006.

9. Daingním gur comhlíon CFI ina iomláine leis na rialacha cánacha agus lena ndualgais cánacha sa bhliain 2006 agus nach raibh saincheisteanna ar bith tuairiscithe.

Sínithe: 
Cathaoirleach CFI

Dáta: 30/1/2007

the 1990s, the number of people in the world who are under 15 years of age has increased by 1.2 billion (United Nations 1999). The number of children in the world is projected to increase to 2.5 billion by the year 2025 (United Nations 1999).

There is a growing awareness of the need to address the needs of children in the world. The United Nations Convention on the Rights of the Child (1989) is the most widely ratified human rights treaty in the world. It sets out the rights of children and the responsibilities of adults to protect and promote these rights. The Convention has been ratified by 191 countries, including all of the world's major powers.

The Convention on the Rights of the Child (1989) is a landmark document in the history of children's rights. It sets out the rights of children and the responsibilities of adults to protect and promote these rights. The Convention has been ratified by 191 countries, including all of the world's major powers.

The Convention on the Rights of the Child (1989) is a landmark document in the history of children's rights. It sets out the rights of children and the responsibilities of adults to protect and promote these rights. The Convention has been ratified by 191 countries, including all of the world's major powers.



The Convention on the Rights of the Child (1989) is a landmark document in the history of children's rights. It sets out the rights of children and the responsibilities of adults to protect and promote these rights. The Convention has been ratified by 191 countries, including all of the world's major powers.

The Convention on the Rights of the Child (1989) is a landmark document in the history of children's rights. It sets out the rights of children and the responsibilities of adults to protect and promote these rights. The Convention has been ratified by 191 countries, including all of the world's major powers.

The Convention on the Rights of the Child (1989) is a landmark document in the history of children's rights. It sets out the rights of children and the responsibilities of adults to protect and promote these rights. The Convention has been ratified by 191 countries, including all of the world's major powers.

The Convention on the Rights of the Child (1989) is a landmark document in the history of children's rights. It sets out the rights of children and the responsibilities of adults to protect and promote these rights. The Convention has been ratified by 191 countries, including all of the world's major powers.

The Convention on the Rights of the Child (1989) is a landmark document in the history of children's rights. It sets out the rights of children and the responsibilities of adults to protect and promote these rights. The Convention has been ratified by 191 countries, including all of the world's major powers.



FO SCRÍBHINN I

Foireann Choimisiún Forbartha an Iarthair 2006

Cathaoirleach

Míchéal Ó Fearail

Baile an Mhóta, Co. Shligigh

Baill

Mary Bohan

Ball, Comhairle Chontae Liatroma

Mary Devine O'Callaghan

Bainisteoir na hOifige, Co. Ros Comáin

Tish Gibbons

Rúnaí an Bhraíne, SIPTU, Co. Mhaigh Eo

Pat Gilmore

Tábhairneoir agus Feirmeoir, Co. na Gaillimhe

Billy Grimes

Léachtóir, Coláiste Turasóireachta Na Cealla Beaga, Co. Dhún na nGall

Greg Jackson

Ceantálaí, Co Mhaigh Eo

Des Mahon

Bainisteoir an Chontae, Comhairle Contae Mhaigh Eo

Martina Minogue

Stiúrthóir, eTeams (Idirnáisiúnta) Teo, Co. An Chláir

Pádraig Ó Caomhánaigh

Gníomhaíoch Pobail, Co na Gaillimhe

Ray O'Donoghue

Comhairle don Iarthair, Co. na Gaillimhe

Katie Sweeney

POF, Maigh Eo CG

Coiste Iniúchóireachta

Cathaoirleach

Martina Minogue,

Stiúrthóir, eTeams (Idirnáisiúnta) Teo, Co. An Chláir

Baill

Mary Devine O'Callaghan

Bainisteoir na hOifige, Co. Ros Comáin

Greg Jackson

Ceantálaí, Co Mhaigh Eo

Míchéal Ó Fearail

Baile an Mhóta, Co. Shligigh

Ray O'Donoghue

Comhairle don Iarthair, Co. na Gaillimhe

Foireann Choimisiún Forbartha an Iarthair

Lisa McAllister
Gillian Buckley

*Príomhfheidhmeannach**
*Príomhfheidhmeannach ***

John Allen
Fiona Candon
Caroline Coffey
Deirdre Frost
Helen Grady
Theresa Higgins
Breda Joyce
Mary Keaveney
Helen McHenry
Geraldine McLoughlin
Sinéad Ní Mháille
Claire Normanly
Patricia O'Hara
Bernadette Phelan
Fiona Regan
Pauline White

Feidhmeannach Infheistíochta
Bainisteoir Forbartha
Oifigeach Cléireachais
Anailíseoir Polasaí
Feidhmeannach Infheistíochta
Ceann Riaracháin
Oifigeach Airgeadais
Oifigeach Cléireachais
Anailíseoir Polasaí
*Bainisteoir Infheistíochta****
Feidhmeannach Forbartha
Oifigeach Cléireachais
Bainisteoir Polasaí
Feidhmeannach Forbartha
Oifigeach Cléireachais
Anailíseoir Polasaí

* Cead neamhláithreachta ó Mheán Fómhair 2006

** Príomhfheidhmeannach ó Mheán Fómhair 2006

*** Bainisteoir Infheistíochta ó Mheán Fómhair 2006

Tá leibhéal príomhfhoirne de 15 dhuine sa CFI, tá breis foirne ag obair ar chonarthaí ar théarma seasta nó ar sainchonarthaí sonraithe chun socruithe oibre aitiópúla, socruithe gníomhaithe ag leibhéal níos airde agus ualach oibre a éascú.

FO SCRÍBHINN 3

Painéal Comhairleach Ciste

Cathaoirleach

Míchéal Ó Fearail

Baile an Mhóta, Co. Shligigh

Baill

John Dillon

Bainisteoir Fiontar Nua, Forbairt na Sionainne,
Luimneach

Judy Greene

Judy Green Pottery, Gaillimh

Billy Grimes*

Léachtóir, Coláiste Turasóireachta Na Cealla Beaga,
Dún na nGall

Sean Hannick

SB, Killala Precision Components, Maigh Eo

John MacNamara

Eacnamaí, Gaillimh

Martina Minogue

Stiúrthóir, eTeams (Idirnáisiúnta) Teo, An Clár

Willie O'Brien

Ceannmheastóireacht Tráchtála, Enterprise Ireland,
Baile Átha Cliath

Ray O'Donoghue**

Comhairle don Iarthair, Co. na Gaillimhe

Katie Sweeney

POF, Maigh Eo CG

* Ar scor: Meitheamh 2006

** Ceaptha: Meitheamh 2006

FO SCRÍBHINN 4

Infheistíocht Eisíochta sa bhliain 2006

Ciste Infheistíocht Gnó

Tionscadal	Contae	Cineál Infheistíochta / Méid	Cur síos
3Touch Teo	Ros Comáin	Cothromas - €500,000	Córas bainistíochta comhdhála gan uaim
AMT3D Teo	Maigh Eo	Cothromas - €158,500	Bogearraí atá a dhéanann léirshamhlú beachtgheoiméadrach 3T na timpeallachta thógtha
ANSAMED Teo	Ros Comáin	Cothromas - €600,000	Forbairt & déantús easbhrúanna casta, custaiméireachta, plaisteacha don tionscail fheiste leighis.
Ezo Teo	Maigh Eo	Cothromas - €300,000	Fás cluas mhara, fíneálacht sliogéisc luachmhaire don mhargadh Seapánach agus Eorpach
FMC Tech Teo	An Clár	Cothromas - €150,000	Córas rialaitheoirí/monatóireachta do líonraí leictreacha meánvoltais
Instinct Technology	Dún na nGall	Cothromas - €400,000	Ardán innill rindeála 3T don tionscail cluichí ríomhaire
Keywater Fisheries Teo	Ros Comáin	Iasacht -€30,000	Forbairt fheirm éisc phéirse dhúchasaigh Éireannaigh ag díriú ar an mhargadh Eorpach
Maisiú Urlár Teo	Dún na nGall	Cothromas - €100,000	Déantús imeall adhmaid iontlaise, meadáillí gréagáin, urláir agus painéil d'urláir nua agus d'urláir atá ann
Meiticheol Teo	Contae na Gaillimhe	Cothromas - €200,000	Forbairt bogearraí chumadóir fhuaimrianta fíis-tiomáinte
Neutekbio Teo	Cathair na Gaillimhe	Cothromas - €650,000	Measúnachta bítheolaíochta agus trealamh tástála le húsáid i leigheas diagnóiseach agus cliniciúil
Xancom Teo t/f Lightstorm Networks	Cathair na Gaillimhe	Cothromas - €500,000	Tairiscintí leathsheoltóra impróirí ethernet
Zerusa Teo	Cathair na Gaillimhe	Cothromas - €500,000	Cuideachta fheiste leighis a dhéanann comhlaí haemastáis le húsáid i máinliacht ionrach níos lú

Ciste Infheistíochta Áitiúla

Tionscadal	Contae	Cineál Infheistíochta / Méid	Cuir síos
Ardara Sheltered Housing Teo	Dún na nGall	lasacht -€137,500	Forbairt tionscadal tithíochta sóisialta
Easkey Community Council Teo	Sligeach	lasacht -€40,000	Le seirbhísí a sholáthair don aois agus do chúram leanaí iar-scoile
Foxford Sports & Leisure Centre Teo	Maigh Eo	lasacht -€75,000	Forbairt ionad spóirt agus fóillíochta in úinéireacht an phobail
Ionad Ealaíona Iorras Teo	Maigh Eo	lasacht -€75,000	Forbairt ionad ealaíne ilchuspóirí

Tionscadail ar Leith Ciste Infheistíochta

Tionscadal	Contae	Cineál Infheistíochta / Méid	Cuir síos
Connaught Airport Development Company Teo t/f Ireland West Airport Knock	Maigh Eo	lasacht -€1,000,000	Éadáil talún le haghaidh Lárionad gnó
Maoiniú Mara Teo	Contae na Gaillimhe	lasacht -€500,000	Forbairt Tionscal bradán saothraithe



GIORRÚCHÁIN ÚSÁIDTEAR



GIORRÚCHÁIN ÚSÁIDTEAR

Giorrúcháin Úsáidtear sa Tuarascáil Seo

ADEP	Action pour Développer Expérimenter et Pérenniser (Gníomh chun scéimeanna nuálaíocha Turgnaimh agus Príomhshrutha a fhorbairt chun tacú le limistéir)
BGE	Bord Gáis Éireann
CAP	Comhbheartas Talmhaíochta
FAP	Painéal Comhairleach an Chiste
FOI	Saoráil Faisnéise
IBEC	Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann
TFC	Teicneolaíocht na Cumarsáide agus na Faisnéise
PFN	An Plean Forbartha Náisiúnta
NOSC	Coiste Stiúrtha Orgánach Náisiúnta
SEI	Fuinneamh Inbhuanaithe Éireann
SME	Fiontair bheaga agus Fiontair ar Mheánmhéid
CFI	Coimisiún Forbartha an Iarthair
WDTP	Clár Turasóireachta Forbartha an Iarthair
WRC	Bealach Iarnóid an Iarthair



Coimisiún Forbartha an Iarthair
Teach Dillion, Bhealach an Doirín,
Co. Ro Comáin, Ireland.

Tel: +353 (0) 94 9861441
Fax: +353 (0) 94 986 1443
Email: info@wdc.ie

www.wdc.ie